**Tosaíochtaí ar ghlac Páirtí Glas na hEorpa leo - 2019: Na nithe a dtroideann Glasaigh na hEorpa ar a son**

**A vótálaithe dile,**

Anois an t-am le dul i ngleic le hathrú aeráide. Anois an t-am leis an daonlathas a chosaint. Anois an
t-am leis an bhfód a sheasamh in aghaidh an fhuatha agus an chiníochais. Anois an t-am le troid ar son an cheartais shóisialta. Anois an t-am le hathruithe a dhéanamh ionas go mbeidh ar chumas shaoránaigh na hEorpa a bhfís a bhaint amach.

Creidimid i bhfís ina mbeadh an Eoraip mar chrann taca ag an ngeilleagar glas, ina gcruthófaí poist mhaithe nua. Creidimid in Eoraip ina spreagfaí an ceartas sóisialta agus ceartas i leith na nglúnta atá le teacht, chomh maith le daonlathas ionchuimsitheach. Creidimid i gcosaint agus i gcumasú na saoránach agus in Eoraip ina mbeadh meas ar éagsúlacht, ina seasfaí le forlámhas an dlí agus ina gcuirfí síocháin idirnáisiúnta chun cinn maraon le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Seo an méid atá tuillte ag ár bpáistí agus ag an domhan araon.

Is mian linn gealladh agus dóchas na hEorpa a athnuachan. Seasaimid le tionscadal na hEorpa. Oibreoimid chun seasamh i gcoinne daoine a dhéanann iarracht cáineadh bailí i leith na mbotún agus easnaimh a chur i láthair ar bhealach antoisceach seineafóibeach frith-Eorpach. Ní ghlacfaimid le hEoraip ina mbeidh náisiúnachas i réim. Creidimid gur éacht stairiúil é aontú na hEorpa. Téann sé chun leasa do mhuintir na hEorpa ar a lán bealaí. Ní ligfimid maidí an ama atá caite le sruth. Beimid freagrach agus tiomanta i dtaca leis an Eoraip, ár n-áit chónaithe chomhchoiteann.

Ní mór cur le haontú na hEorpa ó ghlúin go glúin. Lenár linn féin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh seasamh le chéile inár gcuid oibre ar son ár luachanna agus ár suimeanna comhchoiteanna. Le dul i ngleic leis na dúshláin mhóra, ní mór dúinn aontú maidir le comhcheannas na hEorpa toisc nach bhfuil gach náisiún ar leith sách láidir astu féin. Ní mór dúinn déileáil leis na dúshláin agus na deiseanna le chéile mar Eorpaigh. Seasfaidh an Eoraip le hiltaobhachas, cearta an duine, forbairt inbhuanaithe agus coinbhleacht a réiteach go síochánta.

Ní mór an daonlathas a neartú ionas go n-oibreoidh an Eoraip ar son a cuid saoránach. Ní mór breis forbartha a dhéanamh ar chreat institiúideach an AE ionas go mbeidh sé ina dhaonlathas il-leibhéil iomlán, ina ndéanfaidh ionadaithe tofa poiblí cuntasacha gach cinneadh poiblí ar bhealach trédhearcach. Ní mór don chreat seo cur ar chumas na saoránach páirt ghníomhach a bheith acu chun go mbeidh siad inniúil go leor ar bhunathruithe a dhéanamh ionas go mbeidh Eoraip leasaithe níos fearr againn amach anseo. Mar sin ní mór do bhrústocaireacht a bheith trédhearcach agus de réir rialacha ceangailteacha. Sin an chúis a seasaimid le gluaiseachtaí a chuireann dlúthpháirtíocht, freagracht comhshaoil agus aeráide, forlámhas an dlí, an feimineachas, ceartas agus saoirse chun cinn. Is iad seo bunluachanna na nGlasach, a éilímid ar mhaithe le daonlathas pobail. Caithfear an tAontas

Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a leasú lena chinntiú go mbeidh aon dul chun cinn comhroinnte go cóir agus go cothrom agus nach bhfágfar aon duine as an áireamh.

Iarraimid ar gach saoránach de chuid na hEorpa a vóta a chaitheamh. Is annamh a bhí toghchán Eorpach chomh tábhachtach leis an gcéad toghchán eile. Cé acu a bhogfaidh an Eoraip chun cinn i gcomhpháirt nó a thitfidh sí as a chéile, tá sé sin ag brath ar rogha na saoránach, an rogha a dhéanfaidh tusa. Seo a leanas dhá thosaíocht déag na nGlasach i dtaca leis an Eoraip a athrú:

**Troid i gcoinne an athraithe aeráide, deireadh a chur le dó guail de réir a chéile, ag cur éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn agus bogadh i dtreo fuinnimh a bheidh 100% inathnuaite**

Is é an t-athrú aeráide dúshlán sainiúil ár linne. Mura gcuirfear srian ar an athrú aeráide, d'fhéadfadh an cine daonna scrios as cuimse a dhéanamh agus bheadh páirteanna den domhan ann nach bhféadfaí maireachtáil iontu in aon chor amach anseo. Ach tá réiteach na géarchéime ar fáil: tosaíonn sé le foinsí inathnuaite, ar nós fuinneamh gréine, gaoithe agus foinsí inathnuaite eile! Caithfimid 100% den fhuinneamh a fháil ó fhoinsí inathnuaite, ár bhfuinneamh a úsáid ar bhealach éifeachtúil, deireadh a chur le fuinneamh iontaise agus le cumhacht núicléach agus ag an am céanna, poist inbhuanaithe a chur ar fáil sna háiteanna atá buailte. Chun astaíochtaí a laghdú sách tapa chun teorainn mhéadaithe teochta de 1.5°C ar domhan a bhaint amach, déanfaimid iarracht ollmhór bogadh ar bhealach cóir i dtreo geilleagair atá saor ó astaíochtaí. Tá gá le buiséad carbóin san AE agus bonnphraghas láidir carbóin chun cur lenár n-iarrachtaí. Táimid i bhfabhar deireadh a chur le húsáid an ghuail faoin mbliain 2030 agus leis na breoslaí iontaise eile go luath ina dhiaidh sin. Ní mór deireadh a chur le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise agus núicléacha anois. Ní mór don Eoraip fáil réidh le breoslaí iontaise, agus gan aon mhaoiniú príobháideach ná poiblí a chur ar fáil d'infheistíochtaí i mbreoslaí iontaise.

**Infheistíocht a dhéanamh i ngeilleagar, taighde agus nuálaíocht ghlas**

Tá an deis ag an Eoraip a bheith mar cheannródaí domhanda i mbogadh ar bhealach cóir go geilleagar ciorclach saor ó astaíochtaí trí Bheartas Nua Glas, an pharaidím déine a chloí agus forbairt eacnamaíoch a rachaidh chun leasa do gach duine a chinntiú. Is gealltanas é seo ar son poist mhaithe, inbhuanaitheacht, cuimsiú sóisialta, acmhainneacht níos fearr i gcoinne géarchéime maraon le buanseasmhacht. Is mian linn é seo a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le gníomhaithe geilleagracha, fostaithe, ceardchumainn agus gnóthais chun seasmhacht gheilleagrach a bhaint amach. Táimid ag lorg údarás éifeachtach agus neamhspleách ón AE chun maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil dhigiteach ionas go rialófar agus go gcuirfear srian ar chumhacht margaidh na gcorparáidí móra. Teastaíonn beartas tionsclaíoch comhchoiteann inbhuanaithe san Eoraip. Táimid ag éileamh déantúsaíocht ghlas agus airgeadas glas, ach táimid i gcoinne snas glas. Ní mór tús áite a thabhairt do bhonneagar cuí; ní mór béim a chur ar thaighde agus éiceanuálaíocht. Beidh an teicneolaíocht dhigiteach ag forbairt taobh le taobh le teicneolaíocht ghlan, arna stiúradh de réir riachtanais na sochaí agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an phobail idirnáisiúnta. Ní fhéadfar ligean do rialáil

(dírialáil) tionsclaíochta agus comhaontuithe trádála an bonn a bhaint de, ná bac a chur ar dhul chun cinn comhshaoil agus sóisialta.

**Íosmhéid ioncaim fónta a dheimniú sna ballstáit**

Ní mór don Eoraip a bheith mar aontas sóisialta dáiríre, oibrithe a chumasú, troid in aghaidh an bhochtanais agus éagothroime a laghdú. Ní mór athnuachan a dhéanamh ar ghealltanas sóisialta an cheartais agus na hionchuimsitheachta do gach saoránach. Ní thig ligean do bheartais dhéine ná saint chorparáideach cur isteach air seo. Troidfimid i gcoinne dumpáil shóisialta. Ní mór pá cóir, cearta ceardchumann agus dálaí córa oibre a chinntiú. Caithfear creat reachtaíochta Eorpach a achtú sa chéad tréimhse eile de Pharlaimint na hEorpa chun treoir maidir le híosmhéid ioncaim a chur i bhfeidhm sna ballstáit, chun go mbeidh íosmhéid ioncaim chóir ag na saoránaigh ar fad, ag cur san áireamh córais náisiúnta leasa shóisialaigh. Troideann na Glasaigh freisin ar son saoire bhreoiteachta le pá agus saoire chóir do thuismitheoirí i ngach tír. Ní mór cearta sóisialta a bheith infheidhmithe le dlí. Déanaimid éileamh go ndéanfaí triail a bhaint as bunioncam do chách agus scéimeanna laghdaithe uaireanta oibre, ar bhonn náisiúnta.

**Seasamh le forlámhas an dlí agus cearta bunúsacha, trédhearcacht a neartú agus dul i ngleic le caimiléireacht**

Tá forlámhas an dlí faoi ionsaí, san Eoraip agus in áiteanna eile. Is troid ar son na hEorpa féin atá i gceist lena cosaint ar an údarásaíochas. Ní mór d’institiúidí na hEorpa agus na ballstáit cur le chéile sa chomhrac seo. Teastaíonn meicníocht chuimsitheach cheangailteach ón AE chun monatóireacht a dhéanamh go rialta ar staid an daonlathais, an ceart atá ag fórsaí freasúra go n-éistfí leo, forlámhas an dlí, saoirse an phreasa agus cearta bunúsacha i ngach Ballstáit de chuid an AE. Tá gá le córas idirphlé polaitiúil agus córas idirghabhála tapa maraon le bearta tacaíochta do mheáin neamhspleácha, sochaí sibhialta agus, más gá, pionóis/smachtbhannaí chuí. Tá trédhearcacht na n-institiúidí Eorpacha riachtanach don saoránach. Má bhíonn easpa trédhearcachta sa Chomhairle, cuireann sé cuntasacht dhaonlathach i mbaol agus ansin cuirtear an milleán ar bhealach fimíneach ar an “mBruiséil”. Ní mór don AE tacú le grúpaí mionlaigh i gcoinne gach cineál idirdhealaithe. Ní mór don AE cosaint a thabhairt do ghníomhaithe, iriseoirí agus sceithirí a nochtann eolas folaithe ar mhaithe le leas an phobail. Níor chóir cistí Eorpacha a úsáid chun rialacha na hEorpa a shárú. Ní ligfear do rialtais náisiúnta aon smacht a bheith acu ar chistí de chuid an AE, má sháraíonn siad riail an dlí. Déanfar tairbhithe deiridh a chosaint. Ní mór seasamh go daingean i gcoinne na caimiléireachta.

**Ceart tearmainn a chosaint agus bealaí imirce dleathacha agus sábháilte a leagan amach**

Tá deimhnithe sábháilteachta ann do lucht iarrtha tearmainn de bharr na gceachtanna atá foghlamtha againn ó dhrochré i stair na hEorpa. Chomh fada agus a bhaineann sé linne, tá cearta tearmainn doshannta. Táimid ag éileamh beartas tearmainn bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, ar dhaonnacht agus ar phróiseas eagraithe, freagracht chomhroinnte mar is cuí i measc na mballstáit san áireamh, maraon le hathbhunú misean tarrthála mara

Eorpach. Ní mór don Eoraip caighdeáin agus rialacha comhchoiteanna a ullmhú i gcomhair soghluaisteacht oibrithe agus imirce. Táimid ag éileamh go dtabharfadh an tAontas tacaíocht do thíortha agus do bhardais atá ag imeascadh dídeanaithe agus imircigh. Níor chóir gur coir a bheadh i gceist choíche lámh chúnta a thabhairt d'imircigh. Níor cheart daoine a chur i bpríosún toisc go bhfuil siad ag iarraidh tearmainn.

**Traenacha seachas eitleáin a bheith mar fhíor-rogha san Eoraip**

Is bunsprioc de chuid na nGlasach é bunathrú a dhéanamh ar an earnáil iompair san Eoraip, ionas go gcuirfí cosc chomh tapa agus is féidir ar ár spleáchas ar charranna a thruaillíonn an t-aer, maraon le stop a chur le truailliú eitleán agus chomh maith leis sin, infheistíocht leitheadach a dhéanamh i ngréasáin iarnróid trasteorann agus réigiúnacha. Tá astaíochtaí CO2 ón earnáil iompair ag méadú go leanúnach, go háirithe ó charranna agus eitiltí. Is rogha dhearfach a bheadh i gceist dá mbeadh mearthraenacha, traenacha oíche agus traenacha réigiúnacha ag nascadh tíortha agus na réigiún. Chun cothrom na féinne a thabhairt do thaisteal traenach i gcomparáid le haerthaisteal, ní mór cáin chothrom a ghearradh ar eitiltí.

**Sláinte na saoránach a chosaint trí sheasamh in aghaidh truailliú uisce agus aeir agus cosc a chur ar dhramhaíl phlaisteach**

D'fhéadfadh gníomh daingean maidir leis an gcomhshaol feabhas a chur ar shaol na milliún duine. Ní mór dúinn truailliú a laghdú go tapa chun an t-aer a análaímid agus an t-uisce a ólaimid a chosaint. Faigheann na mílte duine bás gach bliain de bharr cáithníní míne agus truailleáin aeir eile. Tá méadú suntasach tagtha ar ghalair de bharr díghrádú comhshaoil agus stíleanna mhaireachtála mhífholláine. Tá baol ann don tsláinte toisc go bhfuil ceimiceáin, hormóin, níotráit agus micreaphlaisteach inár mbiashlabhra. Caithfidh an AE dul i ngleic le croí na faidhbe agus tabhairt faoi thograí fónta. Cuirfear cáin ar phlaisteach nach bhfuil in-athchúrsáilte nó cuirfear cosc ar fad leis. Caithfear malairt ábhar inbhuanaithe a fhorbairt agus spriocanna athchúrsála a mhéadú. Chun ár ndúlra luachmhar a chaomhnú, teastaíonn uainn limistéir nádúrtha atá faoi chosaint a leathnú amach go mór chun príomh-éiceachórais a chlúdach. Tá clár gníomhaíochta comhshaoil nua ag teastáil san AE. Níor chóir don AE a bheith ag maoiniú aon togra a dhéanfadh dochar don chomhshaol ná don bhithéagsúlacht. Clúdóidh limistéar muirí faoi chosaint 20% dár bhfarraigí.

**Bia folláin áitiúil, saor ó OGM (orgánaigh ghéinmhodhnaithe) agus saor ó lotnaidicídí, feirmeoireacht nach mbeadh cruálach d'ainmhithe**

Amach anseo, úsáidfear airgead cháiníocóirí na hEorpa chun tacú le bia sláintiúil a tháirgeadh do shaoránaigh na hEorpa in ionad a bheith ag tabhairt fóirdheontais don agraithionscal a scriosann ár n-ithreacha, a chuireann le géarchéim na bithéagsúlachta agus a dhéanann monoplacht ar an tionscal táirgthe bia. Ní mór cosc a chur le húsáid na lotnaidicídí is nimhiúla chomh luath agus is féidir. Táimid i gcoinne táirgí bia na hEorpa a dhumpáil ar mhargadh an domhain agus iad ag scriosadh táirgeadh bia áitiúil ina lán tíortha atá i mbéal forbartha. Ba cheart go mbraithfeadh an sochar a bhaineann feirmeoirí as beartais tamhaíochta na hEorpa ar an gcaoi a ndéanann siad an aeráid agus an t-uisce a

chosaint, an méid a infheistíonn siad i leas ainmhithe, an chaoi a ndéanann siad bithéagsúlacht a chosaint agus mura mbaineann siad úsáid as OGM. Táimid ag éileamh praghsanna córa ar tháirgí d'fheirmeoirí i gceantair thuaithe atá ríthábhachtach, seachas a bheith ag tabhairt ollioncaim do ghnóthais ilnáisiúnta. Seasann na Glasaigh ar son leas ainmhithe feirme in ionad ollphórú cruálach agus an céasadh a bhaineann le beostoc a iompar go háiteanna i bhfad i gcéin.

**Rochtain saor in aisce ar oideachas den scoth a chinntiú, maraon le hintéirneachtaí le pá cóir agus poist mhaithe do dhaoine óga**

Is iad na daoine óga atá ag cruthú thodhchaí na hEorpa. Tá na coinníollacha is fearr tuillte acu dá bharr seo, chomh maith le ceart fuascailte don óige. Sin an chúis nach mór ceart maidir le hardoideachas inacmhainne, dea-dhálaí oiliúna agus rochtain chóir ar phoist le pá maith a bheith ar fáil do na daoine óga. Bheadh coimriú sóisialta don óige cinntithe trí íosmhéid ioncaim agus trí triail a bhaint as córas bunioncaim. Ba chóir don AE na ballstáit a spreagadh chun breis infheistíochta a dhéanamh san oideachas. Ní mór don Eoraip maoiniú suntasach a dhéanamh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'athnuachan cáilíochtaí. Ní mór don AE a dheich n-oiread maoinithe a chur ar fáil do chláir mhalairte, ar nós Chlár Erasmus. Ba chóir go mbeadh deis ag gach duine óg páirt a ghlacadh i gclár malairte, is cuma cén cúlra atá aige/aici ó thaobh ioncaim nó oideachais de. Ba chóir go dtabharfadh maoiniú cuí a bheith ar fáil do Chór Dlúthpháirtíochta na hEorpa an deis do dhaoine óga a gcuid tionscadal oibre deonaí féin a fhorbairt. Seasfaimid i gcoinne rialacháin an mhargaidh fostaíochta a chuireann bac ar rochtain chóir do dhaoine óga. Is cinnte go gcuirfeadh Pas Cultúrtha Eorpach go mór le Clár Erasmus.

**Troid ar son córas cánach cothrom anois**

Caithfidh gach duine a chion féin de cháin a íoc mar baineann imghabháil cánach agus seachaint cánach an bonn den daonlathas. Tá ár sochaithe ag éirí níos deighilte de réir a chéile. Cuireann cáin éagórach le héagothroime. Méadaítear an baol atá ann don daonlathas le héagothroime atá ag dul i méid, brústocaireacht neamhshrianta agus le caimiléireacht. Cuirfidh na Glasaigh córas cánach i bhfeidhm nach leanfaidh ag dul chun leasa do na corparáidí móra ilnáisiúnta agus do dhaoine saibhre. Throideamar go láidir i bParlaimint na hEorpa chun córas cánach cothrom a bhaint amach. Beimid dian ar thearmainn chánach, imghabháil cánach, seachaint cánach agus sciúradh airgid. Ní féidir glacadh leis nach n-íocann roinnt de na corparáidí ilnáisiúnta chomh maith le hardáin mhóra idirlín ach fíorbheagán cánach. Dá bharr sin, teastaíonn uainn go gcuirfí cáin dhigiteach i bhfeidhm san Eoraip. Seasann na Glasaigh i gcoinne iomaíocht cánach éagórach idir bhallstáit agus é ag cur isteach ar bhuiséid phoiblí i ngach áit.

**Troid ar son Eoraip fheimineach, troid i gcoinne foréigin ar bhonn inscne agus troid ar son cearta comhionanna do gach duine**

Tá an comhionannas inscne mar phríomhsprioc i mbeartais na nGlasach. Táimid ag éileamh go mbeadh ceart ginmhillte san áireamh sa Chairt um Chearta Bunúsacha an AE. Tá muid ag

éileamh go mbeadh rochtain saor in aisce ag gach duine ar chúram agus ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe, seirbhísí ginmhillte san áireamh, a bheadh sábháilte agus ar ardchaighdeán. Ní mór don Eoraip seasamh i gcoinne foréigin ar bhonn inscne, mar atá leagtha amach i mbeartais an Aontais Eorpaigh maidir le cosc a chur agus dul i ngleic le foréigean i gcoinne na mban agus foréigean baile. Tá sé riachtanach go gcuirfeadh gach tír san Eoraip coinbhinsiún Iostanbúl i bhfeidhm mar thosaíocht. Táimid tiomanta pá comhionann d'obair chomhionann a chur i bhfeidhm maraon le breis cothromaíochta inscne i struchtúir chumhachta. Táimid ag éileamh go dtabharfaí aitheantas d'fhíoréagsúlacht mhuintir na hEorpa inár mbeartais agus seirbhísí, agus go rachfaí i ngleic le gach cineál idirdhealaithe agus foréigin, foréigean i gcoinne lucht LGBTIQ, (LADT) san áireamh*.

**Stop a chur le honnmhairiú arm chuig deachtóirí agus grúpaí cogaíochta chomh maith le forbairt a chothú**

Tionscadal síochána atá san AE i gcónaí. Chun an tsíocháin a choimeád, tá comhbheartas slándála agus cosanta de dhíth ar an Eoraip, trí acmhainní a chomhroinnt agus a chomhthiomsú agus trí chomhordú a dhéanamh ar iarrachtaí na mballstát ag leibhéal Eorpach. Níor chóir don Eoraip tairbhe a bhaint as onnmhairiú neamhscrupallach arm agus teicneolaíochtaí faireachais chuig deachtóirí nó grúpaí cogaíochta. Ní mór treoirlínte diana onnmhairithe a chur i bhfeidhm. Ní féidir seasmhacht agus forbairt a chinntiú trí mhodhanna/bealaí míleata amháin. In ionad an ciste seo a laghdú, ba chóir don Eoraip an ciste i gcomhair comhoibriú forbartha a ardú go dtí ar a laghad 0.7% den olltáirgeacht intíre agus ciste breise a chur ar fáil chun coinbhleacht shibhialta a chosc, a réiteach agus a mhaolú. Nuair a chuirtear cearta an duine agus an comhshaol i mbaol ar bhealach tromchúiseach, ní mór don Eoraip a bheith ábalta a luachanna a chosaint trí úsáid chuimsitheach a bhaint as ionstraimí na mbeartas eachtrach atá ina seilbh. Ní bheidh coincheap cuimsitheach slándála daonna i réim ach amháin i dtimpeallacht iltaobhach, ina bhfuil ceartas idirnáisiúnta, riail an dlí i bhfeidhm agus cearta an duine á gcosaint.

**A vótálaithe dhile,**

Toghchán cinniúnach atá romhainn ó thaobh thodhchaí na hEorpa. Táimid ag iarraidh an *status quo* a chloí agus bunathrú a dhéanamh maidir lenár n-iarrachtaí comhchoiteanna ar son thodhchaí na hEorpa. Ní fhanann an domhan thart timpeall orainn ina lánstad, agus ní féidir linne, san Eoraip a bheith ag cur ama amú. Bímis inár ngníomhairí ar son athrú san Eoraip! Déanaimis anailís radacach agus spriocanna físiúla a chomhcheangal maraon le cur chuige réadúil.

Geallann Páirtí Glas na hEorpa go seasfaimid leis na tosaíochtaí atá léirithe againn anseo. Iarraimid ar gach saoránach san Eoraip tacaíocht a thabhairt dúinn chun na spriocanna seo a bhaint amach. Má thoghann níos mó tíortha tuilleadh Feisirí chun Pharlaimint na hEorpa ó na páirtithe glasa, tabharfaidh sé cuidiú dúinn dul chun cinn a dhéanamh, chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, agus déanfaimid iarracht comhghuaillíochtaí forásacha agus tromlaigh a chruthú i gcéad Pharlaimint eile (na hEorpa). Geallann an Páirtí Glas go dtabharfaidh siad tacaíocht d'iarrthóir ceannródaíoch, a thoghfar sa toghchán Eorpach, le bheith mar uachtarán

ar an gcéad Choimisiún Eorpach eile, má thoilíonn sé glacadh leis na tosaíochtaí seo. Déanaimis beart chun Eoraip níos fearr a chruthú.

*I gcás ina bhfuil neamhréir, tá forlámhas ag an leagan Béarla*